

# Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta 2011 – 2020

Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis agus Spriocanna Nua (2017-2020)

## Achoimre mar Eolas do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna

TUISMITHEOIRÍ AGUS POBAIL

TEAGASC

CEANNAIREACHT

CURACLAM

DUL INGLEIC LE MÍBHUNTAÍSTE

OIDEACHASÚIL

MEASÚNÚ AGUS MEASTÓIREACHT



Márta 2017



Tugann an nóta eolais seo na príomhtheachtaireachtaí ó Thuarascáil an Athbhreithnithe Eatramhaigh ar an *Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020* do mhúinteoirí, ceannairí scoile agus boird bhainistíochta i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Foilsíodh Thuarascáil an Athbhreithnithe Eatramhaigh i Márta 2017 agus tá sí ar fáil ar [www.education.ie](http://www.education.ie).

## RÉAMHRÁ

I mí Iúil 2011 foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta - *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020*. Bhí sé mar aidhm aici caighdeán a ardú sa litearthacht agus san uimhearthacht i suíomhanna luathóige agus scoile. D'aithin sí tábhacht na bpríomhscileanna seo do gach gné den saol agus foghlaim ó lá go lá. Ó 2014 i leith, tá breis agus €50 milliún leithdháilte ar scoileanna agus oideachas múinteoirí chun tacú leis an *Straitéis*.

Cúig bliana ar aghaidh, tá athbhreithniú déanta ar thionchar lár téarma na *Straitéise*. Léiríonn sé go bhfuil ardú tagtha ar chaighdeán sa litearthacht agus san uimhearthacht. Rangaítear scoláirí na hÉireann go hard i suirbhéanna idirnáisiúnta, go háirithe sa litearthacht. Mar sin féin, tá dúshlán shuntasacha ann fós. Tugann an bhileog seo achoimre ar an gcaoi inar aithin an t-athbhreithniú cad is gá dúinn a dhéanamh anois chun a chinntiú go mbaineann ár scoláirí go léir barr a gcumais a bhaint amach, go háirithe san uimhearthacht, agus go leanfaidh siad ag gnóthachtáil go hard sa litearthacht.

In Imlitir 56/2011 d'earnáil an bhunoideachais agus Imlitir 25/2012 d'earnáil an iar-bhunoideachais tugadh eolas maidir leis na gníomhartha le déanamh ag scoileanna faoin *Straitéis*, lena n-áirítear am breise teagaisc a leithdháileadh don litearthacht agus uimhearthacht araon.

*Is é atá i gceist le **litearthacht** ná an cumas le bheith in ann na cineálacha éagsúla den chumarsáid a léamh agus a thuiscint, agus léirithiscint chriticiúil a bheith againn orthu, lena n-áirítear an teanga labhartha, téacs clóite, na meáin chraolta agus na meáin dhigiteacha.*

*Clúdaíonn an **uimhearthacht** an cumas chun tuiscint agus scileanna matamaitice a úsáid chun fadhbanna a réiteach agus na héilimh laethúla a bhaineann le maireachtáil i suíomhanna sóisialta casta a chomhlíonadh. Is é atá i gceist léi ná bheith in ann na rudaí seo a leanas a dhéanamh:*

- *nithe a mheas, a thuar agus a ríomh;*
- *patrúin, treochotha agus gaoil a aithint;*

■ *sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú;*

■ *smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil;*

■ *fadhbanna a réiteach agus úsáid á baint as scileanna fiosraithe agus réasúnaíochta;*

■ *teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun scileanna uimhearthachta agus tuiscint a fhorbairt.*

Cuireadh tús le hAthbhreithniú Eatramhach ar an *Straitéis* in 2015, chun an rath agus na dúshláin ar thángthas orthu agus an straitéis á cur i bhfeidhm go dtí seo a thógáil san áireamh. Bhí an t-Athbhreithniú Eatramhach bunaithe ar chomhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara agus ar fhianaise ó staidéir náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Leanfar de chur i bhfeidhm na ngníomhartha a luaitear sa *Straitéis* suas le 2020. Ag eascairt as na tátail dhearfacha san Athbhreithniú Eatramhach, leagtar síos tuilleadh spriocanna uailmhianacha agus aithnítear gníomhartha chun an tréimhse 2017-2020 a chlúdach.



## CAD A FUAIR AN TATHBHREITHNIÚ EATRAMHACH AMACH?

Léiríonn an Thuarascáil an dul chun cinn suntasach atá déanta ó 2011 i leith. Tá fáilte roimh na torthaí dearfacha seo go háirithe i bhfianaise an scéil go bhfuair na leanaí a bhí páirteach cuid shuntasach dá n-oideachas le linn tréimhse ina raibh meathlú eacnamaíochta.

Tá neart le bheith bródúil as sa mhéid atá bainte amach go dtí seo. Tá cuid mhór den rath seo ann mar thoradh ar thiomantas na gcleachtóirí COLÓ, na múinteoirí agus na gceannairí scoile, na dtuismitheoirí agus na mbainisteoirí scoile, na foirne sna seirbhísí tacaíochta éagsúla, oideachasóirí múinteoirí, agus réimse de chomhlachtaí, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile. Tugtar aitheantas freisin do na hiarrachtaí a rinne scoláirí chun feabhas a chur ar a scileanna litearthachta agus uimhearthachta.

Mór-thosaíocht don Roinn is ea an tiomantas le hacmhainní a sholáthar chun tacú le hobair ar litearthacht agus uimhearthacht. Leanfaidh an tiomantas seo, le thart ar €17 milliún leithdháilte do chaiteachas a bhaineann le litearthacht agus uimhearthacht in 2017. Tá an maoiniú seo ag tacú le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (lena n-áirítear foirne litearthachta agus uimhearthachta ar leith d'earnáil na bunscoil agus earnáil na hiar-bhunscoile araon); breisoiúint ar mhúinteoirí matamaitice nach í an Mhatamaitic a ngnáthréimse ar an leibhéal iar-bhunscoile; athchumrú ar Oiliúint Tosaigh Múinteoirí chun tacú leis an litearthacht agus leis an uimhearthacht; agus nuashonrú ar ionstraimí tástála caighdeánaithe. I measc na bhforbairtí curaclaim suntasach a tacaíodh leo tá tabhairt isteach Churaclam Teangacha nua na Bunscoile do na ranganna sóisearacha sa bhunscoil agus sonraíochtaí nua sa tSraith Shóisearach, agus Béarla ar an gcéad sonraíocht a tugadh isteach (in 2014) agus dhá shonraíocht nua don Ghaeilge le bheith i scoileanna ó Mheán Fómhair 2017. Tá tacaíocht tugtha do cheannaireacht scoile tríd an Lárionad do Cheannaireacht Scoile a bhunú agus Tuarascálacha an Phríomhchigire.

Tá an Roinn tiomanta freisin do leanúint dá rannpháirtíocht i dtástálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta lena n-áirítear: Measúnuithe Náisiúnta ar Léitheoireacht an Bhéarla agus Matamaitic (NAERM), Treochtaí sa Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta (TIMSS), Staidéar Idirnáisiúnta ar an Dul Chun Cinn i Litearthacht Léitheoireachta (PIRLS) agus Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA).



## ROGHBHLÚIRE AR THÁTÁIL Ó STAIDÉIR NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

### Tá neart bainte amach

- Taispeánann na Measúnuithe Náisiúnta ar Léitheoireacht an Bhéarla agus Matamaitic (NAERM) a rinneadh in 2014 gur tháinig na chéad feabhsuithe suntasacha sa ghnóthachtáil ag daltaí bunscoile i léitheoireacht an Bhéarla agus Matamaitic i ranganna a 2 agus a 6 le breis agus 30 bliain.
- Tá Éire sa tríú háit don léitheoireacht as na 35 tír ECFE uile i suirbhé PISA 2015 ar scoláirí 15 bliana d'aois.
- Tá líon níos lú d'ár scoláirí anois sa chatagóir is ísle feidhmíochta don léitheoireacht agus matamaitic in PISA 2015, i gcomparáid le staidéir PISA roimhe.
- Tá ár spriocanna don ghabháil do scrúduithe Matamaitice Ardleibhéil sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht, a leagadh síos in 2011, beagnach sroichte. Mar shampla, tá an líon scoláirí ag gabháil don Mhatamaitic Ardleibhéil ag leibhéal na hArdteistiméireachta ardaíthe ó 17% (2011) go 28% (2016). Is í an sprioc go mbainfear amach líon rannpháirteach 30% faoi 2020.

### Ach tá dúshláin aitheanta freisin

- Tá Éire sa 13<sup>ú</sup> háit sa Mhatamaitic in PISA 2015. Cé go bhfuil sé seo os cionn an mheáin ECFE, tá sé fós ar chúl ár bhfeidhmíochta sa léitheoireacht, i gcomparáid le tíortha eile.
- Tá an bhearna idir an ghnóthachtáil litearthachta agus uimhearthachta i scoileanna leis an tiús is airde de mhíbhuntáiste agus an ghnóthachtáil i scoileanna eile suntasach fós.
- Ní fheidhmíonn ár scoláirí is mó a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu chomh maith lena bpiaraí idirnáisiúnta, de réir staidéar idirnáisiúnta amhail PISA 2015 agus TIMSS 2015.
- I dTuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012 nótladh go raibh roinnt teagasc sa Ghaeilge a bhí níos lú ná sásúil, i mionlach scoileanna.
- Tá gá fós le tuilleadh leabaithe den TFC sa teagasc agus foghlaim, chun tacú leis an bhforbairt ar scileanna digiteacha.



## TOSAÍOCHTAÍ 2017 – 2020 DON LITEARTHACHT AGUS UIMHEARTHACHT

Is í an fhís lárnach atá ag ár Ráiteas Straitéise agus ár bPlean Gníomhaíochta don Oideachas go mbeadh Córas Oideachais agus Oiliúna na hÉireann ar an gceann is fearr san Eoraip sna deich mbliana atá romhainn. (Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019)

Do na ceithre bliana atá ag teacht, is iad seo a leanas ár bpríomhthosaíochtaí le díriú orthu faoin Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta:

- Feabhas a chur ar na torthaí uimhearthachta do na scoláirí uile
- Dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil
- Cur ar chumas na scoláirí sin a bhfuil an-dul chun cinn á dhéanamh acu barr a gcumais a bhaint amach
- Éachtaí a baineadh amach sa litearthacht a dhaingniú, le béim ar leith ar:
  - litearthacht don Ghaeilge agus tríd an nGaeilge
  - litearthacht dhigiteach.



## CONAS A BHEIMID AR AN DREAM IS FEARR SAN EORAIP – CAD IAD NA SPRIOCANNA ATÁ AGAINN?

Tá spriocanna náisiúnta don litearthacht agus don uimhearthacht ar bun ó tugadh an *Straitéis* isteach. Ábhar mór dóchais é go bhfuil neart spriocanna, a socraíodh sa bhliain 2011, bainte amach cheana féin. D'fhonn fócas a choinneáil go dtí 2020, tá athbhreithniú déanta ar spriocanna 2011, go háirithe áit a bhfuil spriocanna bainte amach cheana féin. Ina theannta sin, chun an bearna atá aitheanta idir scoileanna leis na tiúis is airde de mhíbhuntáiste agus scoileanna eile, tá spriocanna bua ar leith socraithe. Tá siad seo nasctha go díreach leis an *bPlean DEIS 2017*. Luaitear spriocanna nua freisin do na foghlaimeoirí is mó dul chun cinn.

Ag leibhéal na scoile, ba chóir go bhfeidhmeodh na spriocanna náisiúnta seo mar uirlis chun cuidiú le planáil scoile. Cuirfidh siad pointe tagartha ar fáil maidir le cad í an fheidhmíocht náisiúnta faoi láthair i dtaca le spriocleibhéil inniúlachta agus cad a bhfuiltear ag súil leis, amach anseo. Tá na leibhéil inniúlachta a úsáidtear chun na spriocanna a shocrú nasctha le príomhscileanna foghlaimeoirí. Tá tuilleadh eolais maidir le leibhéil inniúlachta sna staidéir seo ar fáil ag [www.erc.ie/proficiency](http://www.erc.ie/proficiency). (Ní ainmnítear scoileanna aonair trí na staidéir seo.)

I dTáblaí 1 – 5 thíos leagtar amach ár spriocanna don litearthacht agus don uimhearthacht in earnálacha na bunscoile agus na hiar-bhunscoile go dtí an bhliain 2020.

**Tábla 1.** Tógáil ar fheabhsuithe sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic do na daltaí uile sna bunscoileanna.

| Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic (NAERM) - Gach Bunscoil |           |   |                           |                    |
|--|-----------|---|---------------------------|--------------------|
|  |           | Spríoc do 2020 socraithe sa Straitéis 2011 <sup>1</sup> | Staid Reatha (NAERM 2014) | Spríoc Nua go 2020 |
| Léitheoireacht: Ar Leibhéal 3 nó os a chionn   | Rang a dó | 40%   | 46%                       | 50%                |
|  | Rang a sé | 40%   | 44%                       | 50%                |
| Léitheoireacht: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun   | Rang a dó | 30%   | 22%                       | 20%                |
|  | Rang a sé | 30%   | 25%                       | 20%                |
| Matamaitic: Ar Leibhéal 3 nó os a chionn   | Rang a dó | 40%   | 47%                       | 53%                |
|  | Rang a sé | 40%   | 42%                       | 50%                |
| Matamaitic: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun   | Rang a dó | 30%   | 26%                       | 20%                |
|  | Rang a sé | 30%   | 27%                       | 20%                |

<sup>1</sup>Ag an am sin is iad na torthaí is déanaí a bhí ar fáil ná torthaí NAERM 2009

**Tábla 2.** Díriú ar an mbearna a laghdú idir an ghnóthachtáil sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic ag daltaí i scoileanna DEIS Banda 1 agus daltaí sna bunscoileanna uile.

| Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic - Bunscoileanna DEIS Banda 1 |           |  |                           |                    |
|---|-----------|--|---------------------------|--------------------|
|   |           | Sprioc do 2020 socraithe sa Straitéis 2011             | Staid Reatha (NAERM 2014) | Sprioc Nua go 2020 |
| Léitheoireacht: Ar Leibhéal 3 nó os a chionn  | Rang a dó | Níl aon sprioc chomhfhreagrach i <i>Straitéis</i> 2011 | 18%                       | 25%                |
|   | Rang a sé |  | 21%                       | 27%                |
| Léitheoireacht: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun  | Rang a dó |  | 44%                       | 40%                |
|   | Rang a sé |  | 47%                       | 40%                |
| Matamaitic: Ar Leibhéal 3 nó os a chionn  | Rang a dó |  | 21%                       | 30%                |
|   | Rang a sé |  | 19%                       | 27%                |
| Matamaitic: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun  | Rang a dó | 52%  | 45%                       |                    |
|   | Rang a sé | 50%  | 42%                       |                    |

**Tábla 3.** Tógáil ar fheabhsuithe sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic do na hiar-bhunscoileanna uile. Beidh fócas ar leith ann freisin ar riachtanais na scoláirí is mó a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu.

| An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí – Gach Iar-Bhunscoil  |                         |   |                          |                                 |
|---|-------------------------|---|--------------------------|---------------------------------|
|   |                         | Sprioc do 2020 socraithe sa Straitéis 2011 <sup>2</sup> | Staid Reatha (PISA 2015) | Sprioc Nua go 2020 <sup>3</sup> |
| Litearthacht Léitheoireachta: Ar Leibhéal 4 nó os a chionn  | Daltaí 15 bliana d’aois | 34%   | 37%                      | 40%                             |
| Litearthacht Léitheoireachta: Ar Leibhéal 5 nó os a chionn (daltaí is mó a bhfuil dul chun cinn déanta acu) | Daltaí 15 bliana d’aois | Níl aon sprioc chomhfhreagrach i <i>Straitéis</i> 2011  | 11%                      | 12%                             |
| Litearthacht Léitheoireachta: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun  | Daltaí 15 bliana d’aois | 8.5%  | 10%                      | 8.5%                            |
| Matamaitic: Ar Leibhéal 4 nó os a chionn  | Daltaí 15 bliana d’aois | 31%   | 31%                      | 36%                             |
| Matamaitic: Ar Leibhéal 5 nó os a chionn (daltaí is mó a bhfuil dul chun cinn déanta acu)                   | Daltaí 15 bliana d’aois | Níl aon sprioc chomhfhreagrach i <i>Straitéis</i> 2011  | 10%                      | 13%                             |
| Matamaitic: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun  | Daltaí 15 bliana d’aois | 10.5%   | 15%                      | 10.5%                           |

<sup>2</sup> Ag an am sin is iad na torthaí is déanaí a bhí ar fáil ná torthaí PISA 2009

<sup>3</sup> Tá spriocanna nua socraithe sna réimsí uile ina bhfuil spriocanna ó Straitéis 2011 sroichte cheana féin

**Tábla 4.** Díriú ar an mbearna a laghdú idir an ghnóthachtáil sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic ag scoláirí in iar-bhunscoileanna DEIS agus scoláirí sna hiar-bhunscoileanna uile. Beidh fócas ar leith ann freisin ar riachtanais na scoláirí is mó a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu.

| <b>An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) – DEIS in Iar-Bhunscoileanna</b>                                 |                                |   |                                 |                           |
|--|--------------------------------|---|---------------------------------|---------------------------|
|  |                                | <b>Spríoc do 2020 socraithe sa Straitéis 2011</b>       | <b>Staid Reatha (PISA 2015)</b> | <b>Spríoc Nua go 2020</b> |
| <b>Lítearthacht Léitheoireachta: Ar Leibhéal 4 nó os a chionn</b>  | <b>Daltaí 15 bliana d’aois</b> | Níl aon spríoc chomhfhreagra ch i <i>Straitéis</i> 2011 | 28%                             | 33%                       |
| <b>Lítearthacht Léitheoireachta: Ar Leibhéal 5 nó os a chionn (daltaí is mó a bhfuil dul chun cinn déanta acu)</b> | <b>Daltaí 15 bliana d’aois</b> |   | 7%                              | 10%                       |
| <b>Lítearthacht Léitheoireachta: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun</b>  | <b>Daltaí 15 bliana d’aois</b> |   | 16%                             | 12%                       |
| <b>Matamaitic: Ar Leibhéal 4 nó os a chionn</b>  | <b>Daltaí 15 bliana d’aois</b> | Níl aon spríoc chomhfhreagra ch i <i>Straitéis</i> 2011 | 23%                             | 29%                       |
| <b>Matamaitic: Ar Leibhéal 5 nó os a chionn (daltaí is mó a bhfuil dul chun cinn déanta acu)</b>                   | <b>Daltaí 15 bliana d’aois</b> |   | 6%                              | 10%                       |
| <b>Matamaitic: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun</b>  | <b>Daltaí 15 bliana d’aois</b> |   | 22%                             | 16%                       |

**Tábla 5.** Líon na scoláirí a ghabhann don Mhatamaitic Ardleibhéil sa tSraith Shóisearach agus san Ardeistiméireacht a mhéadú.

| <b>An líon daltaí a roghnaíonn Matamaitic Ardleibhéil don Teastas Sóisearach agus don Ardeistiméireacht</b> |                      |                            |                    |
|---|----------------------|----------------------------|--------------------|
|   | <b>Staid in 2011</b> | <b>Staid Reatha (2016)</b> | <b>Spríoc 2020</b> |
| <b>Matamaitic don tSraith Shóisearach: Iarrthóirí Ardleibhéil</b>   | 45%                  | 55%                        | 60%                |
| <b>Matamaitic don Ardeistiméireacht: Iarrthóirí Ardleibhéil</b>   | 17%                  | 28%                        | 30%                |

# NA SPRIOCANNA SEO A BHAINN AMACH

Ainmnítear gníomhartha chun cuidiú le feabhas a chur ar fheidhmíocht sa litearthacht agus san uimhearthacht faoin *Straitéis*, sna ceithre bliana seo atá romhainn, thar sé Cholún den chóras oideachais agus tugtar cur síos orthu anseo thíos:

COLÚN

01

## TUISMITHEOIRÍ AGUS POBAIL A CHUMASÚ CHUN TACÚ LE FORBAIRT LITEARTHACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA NA LEANAÍ

Má tá rath le bheith ar scoileanna agus ar scoláirí, tá ríthábhacht le tacaíocht ó thuismitheoirí agus ó phobail chun teachtaireachtaí dearfacha maidir leis an litearthacht agus leis an uimhearthacht a fhorbairt, a threisiú agus a chomhroinnt ar fud phobal uile na scoile. Sna ceithre bliana seo atá ag teacht, iarrtar ar scoileanna:

- Eolas a chomhroinnt maidir le tacaí atá ar fáil chun cuidiú le thuismitheoirí le litearthacht agus uimhearthacht a leanaí — go háirithe tacaí:
  - A chuidíonn le leanaí a scileanna uimhearthacht a fhorbairt agus taitneamh a bhaint as Matamaitic;
  - A chuidíonn le leanaí taitneamh a bhaint as an nGaeilge a fhoghlaim agus a úsáid;
  - A chuidíonn le leanaí a scileanna litearthachta digítí a fhorbairt níos mó.
- Féachaint ar bhealaí chun rannpháirtíocht na

dtuismitheoirí i bhfoghlaim na leanaí a chur chun cinn, ag teacht le féinmheastóireacht scoile agus spriocanna ábhartha sa phlean feabhsúcháin scoile.

- Leanúint d'fheabhas a chur ar thuairisciú agus tuiscint idir scoileanna agus thuismitheoirí, go háirithe ag na pointí aistriúcháin tábhachtacha ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil.
- Leas a bhaint as seirbhísí na gclubanna agus na leabharlann áitiúil.
- Feasacht a mhéadú faoi dheiseanna do thuismitheoirí leanúint den fhorbairt ar scileanna féin sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Ag deireadh na cáipéise seo, tugtar liosta de roinnt suíomhanna gréasáin ina bhfuil eolas úsáideach do thuismitheoirí. Mar shampla, tá ábhar ullmhaithe ag CNCM chun thuismitheoirí a chur ar an eolas faoi Churaclam Teanga na Bunscoile.

COLÚN

02

## FEABHAS A CHUR AR CHLEACHTAS GAIRMIÚIL MÚINTEOIRÍ AGUS CLEACHTÓIRÍ I GCÚRAM AGUS OIDEACHAS NA LUATHÓIGE (COLÓ)

Tá neart bainte amach faoin gcolún seo ó 2011 i leith, le forbairtí leathana chun tacú le litearthacht agus uimhearthacht thar Oiliúint Tosaigh Múinteoirí, ionduchtú múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL). Thar na ceithre bliana seo atá ag teacht, iarrtar ar mhúinteoirí:

- Féachaint le Aistear, an Creat Curaclaim Luathóige, a leabú san fhoghlaim sna ranganna naíonán ag leibhéal na bunscoile, ag baint leasa as tacaí a chuirtear ar fáil trí Líonra na nIonad Oideachais.
- Rochtain a fháil ar thacaí ón gClár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, *Droichead*, ag tús a ngairmeacha, agus trí *Cosán*, le linn a ngairmeacha múinteoireachta.
- Leas a bhaint as deiseanna do FGL, go háirithe FGL a dhéileálann leis an uimhearthacht, leis an nGaeilge agus leis an litearthacht dhigiteach, lena n-áirítear:
  - FGL ag tacú le tabhairt isteach Churaclam Teanga na Bunscoile;

- Tacaíocht d'fhoghlaim ar bhonn fiosraithe agus fadhbréiteach;
- Oiliúint ag baint úsáide as múnlaí nua, amhail cnuaschruinnithe do scoileanna agus teagasc foirne don uimhearthacht;
- Tacaíocht chun foghlaim idirdhealaithe a sholáthar ar bhealaí uileghabhálacha agus cruthaitheacha a thugann aghaidh ar riachtanais na scoláirí is mó a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu.
- TFC a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim, i gcomhréir leis an *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020*. Cuireann an *Straitéis Dhigiteach* tuilleadh tacaíochta ar fáil do scoileanna chun a n-áiseanna TFC a uasghrádú agus tabharfaidh sí comhairle faoin gcaoi is fearr le TFC a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim tríd an gCreat Foghlama Digítí a bheidh ar fáil do na scoileanna uile ó Mheán Fómhair 2017. Tá cur i bhfeidhm na *Straitéise Digítí* á thacú le ciste €210m, thar na cúig bliana.



Le bunú an Lárionaid do Cheannaireacht Scoile sa bhliain 2015, chomh maith le líonra na nIonad Oideachais agus obair Líonra Príomhoidí Bunscoileanna na hÉireann agus Chumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteachta, cuirfeadh feabhas ar chumas na gceannairí scoile uile tús áite a thabhairt d'eispéiris ardcháilíochta teagaisc agus foghlama i scoileanna. Ba chóir don chreat cáilíochta a foilsíodh in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* treoir a thabhairt do cheannairí scoile agus iad i gceannas ar fheabhsúcháin sa teagasc agus foghlaim.

- Thar na ceithre bliana seo atá ag teacht beidh deiseanna ag ceannairí scoile gabháil do FGL sna

príomhréimsí seo a leanas:

- Uimhearthacht;
- Gaeilge;
- Litearthacht dhigiteach;
- Sonraí measúnaithe a úsáid chun feabhas a chur ar cháilíocht eispéiris oideachais na bhfoghlaimoírí.
- Iarrtar ar cheannairí scoile a chinntiú go ndéanfar an bhéim atá ar an litearthacht agus an uimhearthacht araon i bhféinmheastóireacht scoile a choinneáil agus a neartú.

Áiríonn forbairtí a bhaineann leis an gcuraclam ón mbliain 2011 i leith na nithe seo a leanas:

- Am méadaithe don litearthacht agus don uimhearthacht.
- Cur i bhfeidhm iomlán na gcuraclam leasaithe Matamaitice iar-bhunscoile.
- Tabhairt isteach Churaclam Teanga na Bunscoile sna ranganna sóisearacha ó Mheán Fómhair 2016.
- Rolladh amach an Chreata don tSraith Shóisearach (2015).
- Rolladh amach sonraíochtaí ábhair nua sa tSraith Shóisearach – tugadh Béarla isteach in 2014; bheidh dhá shonraíocht nua don Ghaeilge i scoileanna ó Mheán Fómhair 2017; agus tabharfar sonraíocht leasaithe don Mhatamaitic isteach ó Mheán Fómhair 2018.

Thar na ceithre bliana seo atá ag teacht iarrtar ar scoileanna:

- Tús áite a thabhairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar an litearthacht agus an uimhearthacht.
- Páirt a ghlacadh i bhforbairtí curaclaim ag leibhéal na bunscoile, lena n-áirítear Curaclam Teanga na Bunscoile agus Curaclam nua Matamaitice.

- Tús áite a thabhairt do na príomhscileanna “Bheith Liteartha” agus “Bheith Uimheartha” ag leibhéal na hiar-bhunscoile, mar chuid den athchóiriú ar an tsraith shóisearach.
- Leanúint de scoláirí a spreagadh chun tabhairt faoi scrúduithe ag an ardleibhéal sa Mhatamaitic, féach Tábla 5 thuas.
- Tuilleadh cabhrach a thabhairt do scoláirí agus dá dtuismitheoirí sa chinneadh maidir leis an leibhéal scrúdaithe is oiriúnaí dá n-inniúlacht.
- Deiseanna a thapú le feabhas a chur ar scileanna litearthachta digítí na ndaltaí ar fud an churaclaim.
- Páirt a ghlacadh i bhforbairtí curaclaim ag leibhéal na hiar-bhunscoile, lena n-áirítear:
  - Tabhairt isteach an dá shonraíocht ábhair nua don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí ag Sraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus cur i bhfeidhm na sonraíochta T1 (teanga 1) agus/nó T2 (teanga 2), mar is cúí.
  - Sonraíocht ábhair nua a thabhairt isteach do Ríomheolaíocht na hArdeistiméireachta.



Díríonn an Colún seo ar scoláirí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil ina chruthanna éagsúla. I gcomhthéacs Cholún 5, áiríonn forbairtí tábhachtacha foilsíú *Plean DEIS 2017* le déanaí, agus tabhairt isteach an mhúnla nua do leithdháileadh múinteoirí don oideachas speisialta, á thacú le hacmhainní breise.

Thar na ceithre bliana seo atá ag teacht:

- Ba chóir féinmheastóireacht scoile a bheith bunaithe ar na spriocanna feabhsúcháin atá leagtha síos go sonrach do na hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile: Táblaí 1 agus 3 thuas.
- Ba chóir féinmheastóireacht scoile i mbunscoileanna DEIS Banda 1 agus in iar-bhunscoileanna DEIS a bheith bunaithe ar na spriocanna feabhsúcháin atá leagtha síos go sonrach do na scoileanna sin: Táblaí 2 agus 4.
- Cuideoidh measúnú agus meastóireacht ar riachtanais scoláirí le scoileanna tacaí breise a lorg, más gá. Mar shampla, is féidir le scoileanna a bhfuil tiús arda de scoláirí BTB (Béarla mar Theanga Breise) iontu acmhainní breise a lorg chun cuidiú lena scoláirí trí Bhord Achomhairc um


Sholáthar Foirne Bunscoile na Roinne nó tríd am mBord Achomhairc Neamhspleách Iar-Bhunscoile ([www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Leithdhailtí-agus-Soláthar-Múinteoirí/](http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Leithdhailtí-agus-Soláthar-Múinteoirí/)).

- Agus iad ag cur i bhfeidhm an mhúnla chun acmhainní teagaisc breise a leithdháileadh ar fhoghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, cuideofar le scoileanna freastal ar riachtanais oideachais na scoláirí uile. Chun freastal ar riachtanais aonair, beidh sé tábhachtach dea-chomhar a spreagadh idir múinteoirí ranga, múinteoirí oideachais speisialta, tuismitheoirí/caomhnóirí agus na fhoghlaimoirí.
- Ba chóir go gcuideodh na hAonaid Tosaíochta Foghlama do Chumarsáid, Teanga agus Litearthacht cuidiú le múinteoirí bunscoile agus múinteoirí na sraithe sóisearaí le freastal ar riachtanais oideachais na bhfoghlaimoirí a bhfuil míchumais foghlama mheánacha, ghéara agus throma orthu.
- Ba chóir go leagfaí béim freisin ar fheabhsúchán i dtorthaí foghlama na scoláirí sin a bhfuil inniúlacht eisceachtúil acu.

Gné thábhachtach den chleachtas teagaisc agus foghlama i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna is ea an úsáid chuí a bhaint as sonraí measúnaithe d'aidhmeanna éagsúla, go háirithe luath-idirghabhálacha. Thar na ceithre bliana seo atá ag teacht, iarrtar ar scoileanna:

- Sonraí measúnaithe a chomhroinnt go rialta le tuismitheoirí.
- A chinntiú go ndéanfar sonraí measúnaithe a aistriú mar is cuí laistigh de shuíomhanna oideachais agus eatarthu.
- Tús áite a thabhairt do FGL do phríomhoidí agus múinteoirí chun tacú leo le riaradh agus úsáid sonraí tástála.
- Sonraí measúnaithe a úsáid chun díriú ar:
  - Cláir éifeachtúla luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm;


- Feabhas a chur ar thorthaí uimhearthachta do na scoláirí uile;
- Dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachasúil;
- Cuidiú leis na scoláirí is mó a dhéanann dul chun cinn barr a gcumais a bhaint amach;
- Éachtaí a dhéantar sa litearthacht a leabú, le béim ar leith ar na nithe seo a leanas:
  - an Ghaeilge
  - litearthacht dhigiteach.
- Leanúint de thástáil chaighdeánaithe a dhéanamh i mbunscoileanna, i gcomhréir le hImlitir 56/2011. Ní bheidh tástáil chaighdeánaithe éigeantach in iar-bhunscoileanna, ach is féidir le scoileanna í a úsáid chun cur le heolas measúnaithe.



## CÉN BHAINT ATÁ AG AN STRAITÉIS LITEARTHACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA LE FORBAIRTÍ OIDEACHAIS EILE?

Tá neart forbairtí á gcur chun cinn ag an Roinn Oideachais agus Scileanna a chuideoidh le baint amach na gcuspóirí litearthachta agus uimhearthachta. Déantar tagairt dóibh sin sa Tuarascáil ar an Athbhreithniú Eatramhach agus áirítear orthu: *Plean DEIS 2017*, an *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020*, an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* agus an *Creat don tSraith Shóisearach 2015*.

Cuideoidh féinmheastóireacht scoile le scoileanna na tionscnaimh polasaí seo a chur i bhfeidhm ar bhealach soiléir agus cruthaitheach.



## CATHAIN A BHEIDH AN CHÉAD ATHBHREITHNIÚ EILE ANN?

Beidh na tátail ó staidéir bhreise náisiúnta agus idirnáisiúnta, chomh fada le PISA 2021, ag feidhmiú mar tháscairí ar an dul chun cinn a dhéanfaimis thar an saolré ceithre bliana atá fágtha den *Straitéis*. Tá an Roinn tiomanta do thacú le scoileanna ina gcuid oibre chun feabhas a chur ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bhfoghlaimeoirí trí churaclaim leasaithe, FGL thiomanta agus áiseanna feabhsaithe TFC a fhorbairt.

### Foinsí eolais úsáidigh ar féidir le scoileanna a roinnt le tuismitheoirí:

|  |  |
|--|--|
| An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG)                     | <a href="http://www.cogg.ie">www.cogg.ie</a><br><a href="http://www.cogg.ie/en">www.cogg.ie/en</a>   |
| Aontas – An Eagraíocht Náisiúnta um Fhoghlaim Aosach                               | <a href="http://www.aontas.com">www.aontas.com</a>   |
| Foras Taighde ar Oideachas   | <a href="http://www.erc.ie">www.erc.ie</a>   |
| Leabharlanna Éireann   | <a href="http://www.librariesireland.ie">www.librariesireland.ie</a>   |
| Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh                                      | <a href="http://www.nala.ie">www.nala.ie</a><br><a href="http://www.helpmykidlearn.ie">www.helpmykidlearn.ie</a><br><a href="http://www.takethefirststep.ie">www.takethefirststep.ie</a>   |
| An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS)                              | <a href="http://www.nbss.ie">www.nbss.ie</a>   |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)                          | <a href="http://www.ncca.ie">www.ncca.ie</a><br><a href="http://www.aistearsiolta.ie">www.aistearsiolta.ie</a><br><a href="http://www.curriculumonline.ie">www.curriculumonline.ie</a>   |
| An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)                             | <a href="http://www.ncse.ie">www.ncse.ie</a>   |
| An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)                             | <a href="http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS/">www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS/</a> |
| An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Iar-bhunscoil (NPC-PP)                     | <a href="http://www.npcpp.ie">www.npcpp.ie</a>   |
| An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse (NPC-P)                        | <a href="http://www.npc.ie">www.npc.ie</a>   |
| An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí – Teicneolaíocht san Oideachas | <a href="http://www.scoilnet.ie">www.scoilnet.ie</a>   |